**RABHADH**
Freagair gach ceist sna spás atá ann dó ar an bpáipéar seo.

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 – 3.30**

**Treoracha d'Iarrthóirí:**

Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh.

- Maidir le Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó cuid (B)
- Maidir le Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)
- Maidir le Ceist 4 *ar na leathanaigh 14, 15 agus 16*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 5 *ar na leathanaigh 17 agus 18*
  Seiceáil ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| Ceist | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 cheann de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla*: Bhaintí úsáid as *bró*:

(a) sa níochán ☐ (b) sa mhuilleoireacht ✓

(c) sa sníomh ☐ (d) san fhíodóireacht ☐ (1)

***1.*** Bhíodh na Ceiltigh ina gcónaí:

(a) i liosanna ☐ (b) i gcaisleáin ☐

(c) i dtúir ☐ (d) i ndolmainí ☐ (1)

***2.*** Ba iad a thóg na cloigthithe:

(a) na Sasanaigh: ☐ (b) na manaigh ☐

(c) na Lochlannaigh ☐ (d) na Normannaigh ☐ (1)

***3.*** Seasann réalta ghorm ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis dó seo:

(a) brú óige ☐ (b) ospidéal ☐

(c) oifig an phoist ☐ (d) stáisiún Garda ☐ (1)

***4.*** Cé acu ceann díobh seo a leanas ar cineál de bhád Lochlannach é?

(a) siunca ☐ (b) draganlong ☐

(c) báirse ☐ (d) curach ☐ (1)

***5.*** Cé acu ceann díobh seo a leanas ar acmhainn 'in-athnuaite' í?

(a) uisce ☐ (b) gás ☐

(c) gual ☐ (d) ola ☐ (1)

***6.*** Thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch:

(a) sa Ghearmáin ☐ (b) i Sasana ☐

(c) sa Rúis ☐ (d) sa Fhrainc ☐ (1)

*7.* Le linn na Réabhlóide Tionsclaíche, ba é a chuireadh cumhacht ar fáil do na meaisíní ná:

(a) peitreal ☐ (b) gal ☐

(c) leictreachas ☐ (d) díosal ☐ (1)

*8.* Is é is mó a bhíonn in eastáit thionsclaíocha ná:

(a) tithe ☐ (b) monarchana ☐

(c) scoileanna ☐ (d) gairdíní ☐ (1)

*9.* Is é an cineál tí atá sa phictiúr seo ná:



(a) teach scoite ☐ (b) teach i sraithe ☐

(c) árasán ☐ (d) teach leathscoite ☐ (1)

*10.* Tomhaistear teas:

(a) ina chéimeanna ☐ (b) ina uaireanta ☐

(c) ina chiliméadair ☐ (d) ina bhraoiníní ☐ (1)

*11.* Bhuail tsunami an Indinéis in 2004. Cad is tsunami ann?

(a) galar a leathann go tapa ☐ (b) gorta ☐

(c) báisteach throm ☐ (d) tonn tuile ☐ (1)

*12.* Cé acu ceann de na tíortha seo atá san AE?

(a) An Chéinia ☐ (b) An Ghréig ☐

(c) An Bhrasaíl ☐ (d) An Aetóip ☐ (1)

*13.* Is é a thugtar ar dhaoine a thagann chun cónaithe in Éirinn ná:

(a) cuairteoirí ☐ (b) eisimircigh ☐

(c) inimircigh ☐ (d) turasóirí ☐ (1)

*14.* Bhíodh na Normannaigh ina gcónaí:

(a) i gcrannóga ☐ (b) i liosanna ☐

(c) i longa fada ☐ (c) i gcaisleáin ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL** **(6 mharc)**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

I gcás ceann amháin de na sibhialtachtaí thuas, scríobh ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas:

(a) Tithe
NÓ
(b) Uirlisí troda
NÓ
(c) Nósanna adhlactha
NÓ
(d) Finscéalta

- Is í an tsibhialtacht ar a mbeidh mé ag scríobh ná:

____________________________________________

- Is é an topaic atá roghnaithe agam ná:

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________


____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

## (C) MAINISTREACHA IN ÉIRINN (6 mharc)




***1.*** Féach ar an bpictiúr thuas.

a. Cad a thugtar ar an gcineál foirgnimh ag A?

______________________________________________

b. Cén úsáid a bhaintí as foirgneamh B, an dóigh leat?

______________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth ar tógadh foirgneamh A?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***3.*** Cad iad na rudaí a bhain leis na mainistreacha a bhí daoine ag iarraidh a ghoid?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

# CEIST 2
**24 marc**

**Freagair cuid (A) <u>nó</u> cuid (B).**


**(A) AN PHLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**

Breathnaigh ar na pictiúir seo agus léigh a bhfuil sna boscaí agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh:



***Is mionsamhail é seo de theach agus bábhún i sráidbhaile darb ainm Baile Eachaidh.***

***Is léarscáil é seo de shráidbhaile plandála i mBaile Eachaidh agus mionsamhail den chaoi a mbíodh sé.***




***I 1619, chuaigh fear darbh ainm an Captaen Nicholas Pynnar ar fud Chúige Uladh, agus é ag déanamh scrúdú ar dhul chun cinn na Plandála. Ina thuairisc ar shráidbhaile Bhaile Eachaidh – ar ar thug sé Vintners Hall – scríobh sé:***

*"Is le Baptist Jones Uas. é seo agus thóg sé bábhún de bhrící agus d'aol, 100 troigh cearnach ann, agus dhá chloigtheach … ar mó é ná a bhfuil déanta ag duine ar bith eile de na lonnaitheoirí. Laistigh den bhábhún tá dhá theach mhaithe, agus iad os comhair a chéile; tá ceann amháin 70 troigh ar fad agus 25 troigh ar leithead; níl an ceann eile níos lú. In aice leis an mbábhún tá 10 gcinn de thithe maithe Sasanacha tógtha aige, atá an-láidir agus clúdach tíleanna orthu; tá an tsráid an-leathan, agus tá an bábhún suite os a cionn. Tá teaghlaigh Shasanacha ina gcónaí sna tithe go léir, agus cónaíonn Baptist Jones agus a bhean agus a chlann ansin freisin."*

***1.*** I bPlandáil Uladh, cad ba bhábhún ann?

______________________________________________________________________ (3)

***2.*** Cad as ar tháinig lonnaitheoirí Bhaile Eachaidh?

______________________________________________________________________ (3)

***3.*** Cé a thóg an bábhún i mBaile Eachaidh? ______________________________________ (4)

***4.*** Tabhair **DHÁ** chúis a ndearnadh Plandáil i gCúige Uladh.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(6)

***5.*** Scríobh ar na hathruithe a rinne an Phlandáil maidir le ceann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) An Ghaeilge

(b) Creideamh in Éirinn

(c) Muintir dhúchasach na hÉireann

(d) Bailte in Éirinn

Scríobh ar conas a bhí cúrsaí **roimh** an bPlandáil, cad a tharla **le linn** na Plandála agus ar na torthaí **i ndiaidh** na Plandála.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(8)

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

**Léigh na sleachta thíos agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.**

*Is í Sao Paulo an chathair is mó sa Bhrasaíl. Tá daonra de thart ar 25 milliún duine inti. Chuaigh na milliúin duine ó cheantair thuaithe na Brasaíle go Sao Paulo. Is é is cúis leis seo ná* ***tosca brú agus tarraingthe*** *de shaghsanna éagsúla.*

*I ngeall ar fhás tapa an daonra in Sao Paulo tá ganntanas mór tithe sa chathair. Bhí ar na milliúin duine a dtithe a dhéanamh as dramhábhair mar adhmad, iarann rocach agus miotail. Tugtar* ***favelas*** *ar na ceantair sin sa Bhrasaíl. Níl gach duine atá ina chónaí in Sao Paulo bocht. Cónaíonn cuid mhaith daoine saibhre gar do lár na cathrach i dtithe atá an-deas.*

*Tháinig daoine go dtí na cathracha sa Bhrasaíl ar thóir oibre. Ar feadh tamaill bhí a lán oibre ann ar phá íseal. Ach anois tá níos mó daoine ná jabanna ann agus mar sin tá an dífhostaíocht ag dul i méid. Tá daoine ag tosú ar na cathracha mar Sao Paulo a fhágáil chun bogadh go dtí áiteanna ina bhfuil jabanna le fáil.*

***1.*** Cad í an chathair is mó sa Bhrasaíl? ____________________ (1)

***2.*** Ciallaíonn 'uirbeach' baint a bheith aige le cathair nó baile mór. Cad is ciall le 'tuath'?

____________________

____________________ (2)

***3.*** Theastaigh ó dhaoine teacht go dtí na cathracha mar ____________________

____________________. Is **toisc 'tarraingthe'** é sin. (2)

***4.*** Theastaigh ó dhaoine na ceantair thuaithe a fhágáil mar____________________

____________________. Is **toisc 'brú'** é sin. (2)

***5.*** Cá gcónaíonn na daoine saibhre in Sao Paulo? ____________________

____________________ (2)

***6.*** Cad iad na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag daoine a chónaíonn sa **favela**?

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________ (3)



*Tá roinnt rudaí déanta ag na húdaráis in Sao Paulo chun na fadhbanna sna **favelas** a laghdú. Tá scéimeanna féinchabhrach curtha ar bun acu.*

*Is é sin go dtugann an rialtas uirlisí agus ábhair do na daoine a chónaíonn sna **favelas** a dteastaíonn uathu a dtithe féin a thógáil. Tá brící agus suimint (stroighin) san áireamh ansin. Déanann na daoine áitiúla a gcuid oibre saor in aisce.*

*Is féidir an t-airgead a shábháiltear a chaitheamh ar áiseanna bunúsacha a chur ar fáil, rudaí mar leictreachais agus uisce.*

**7.** An dóigh leat go gcónaíonn an buachaill sa phictiúr in áit fholláin? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

____________________________________________________ (2)

***8.*** Cén fáth a dtugann an rialtas ábhair saor in aisce do na daoine sna favelas chun a dtithe a fheabhsú? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

______________________________________________________

____________________________________________________ (2)

***9.*** Luaigh fadhb **AMHÁIN** a d'fhéadfadh a bheith ag baint le maireachtáil gan leictreachas.

____________________________________________________ (1)

***10.*** Luaigh fadhb **AMHÁIN** a d'fhéadfadh a bheith ag baint le maireachtáil gan soláthar d'uisce glan.

______________________________________________________

____________________________________________________ (1)

***11.*** Cén fáth an dóigh leat a bhfuil na daoine sna favelas sásta obair a dhéanamh saor in aisce ar a dtithe?

______________________________________________________

____________________________________________________ (3)

***12.*** An maireann duine ar bith in Éirinn gan leictreachas nó gan uisce reatha? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________________

______________________________________________________

____________________________________________________ (3)

**CEIST 3**
**24 marc**

**Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C).**

## (A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)

Breathnaigh ar an bpictiúr agus léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna thíos.



*Lá amháin in 1888, chuir iriseoir darbh ainm Annie Besant agallamh ar chuid de na mná a bhí ag obair i monarcha cípíní solais Bryant and May. Fuair sí amach go raibh na mná ag obair 14 uair sa lá ar phá a bhí níos lú ná 5 scillinge in aghaidh na seachtaine. Ag an am,bhí 14 scillinge á íoc in aghaidh na seachtaine le duine a bhí ag obair ar fheirm.*

*Ní i gcónaí a fuair na déantóiri cipíní a bpá iomlán i ngeall ar chóras fíneálacha, idir 3 pingine agus scilling. Ba ghnách fíneáil a ghearradh orthu i ngeall ar bheith ag caint, ligean do chipíní titim nó dul go dtí an leithreas gan chead. Dá mbíodh oibrithe déanach ghearrtaí fíneáil phá leathlae orthu.*

*An cineál fosfair a d'úsáidtí siad chun cipíní a dhéanamh, rinne sé an-díobháil do shláinte na mban. Mharaigh nimh ón gceimiceán na mná.*

*1.* Cén t-ainm a bhí ar an monarcha inar oibrigh na mná?

__________________________________________ (1)

*2.* Cé mhéad uair sa lá a d'oibrigh na mná?

__________________________________________ (1)

*3.* Ar íocadh na mná go maith as a gcuid oibre? Mínigh do fhreagra.

__________________________________________ (2)

*4.* An bhfuair na mná a lánphá i gcónaí? Mínigh do fhreagra.

__________________________________________

__________________________________________ (2)

Léigh an sliocht seo agus freagair na ceisteanna thíos:



*Scríobh Annie Besant alt ina nuachtán faoina bhfaca sí sa mhonarcha. Rinne sí clamhsán (gearán) san-alt faoin tslí ar chaith Bryant & May leis na mná.*

*Rinne an comhlacht iarracht iallach a chur ar na hoibrithe ráiteas a shíniú go raibh siad sásta lena ndálaí oibre. Nuair a dhiúltaigh grúpa de na mná é a shíniú, briseadh eagraithe an ghrúpa as a bpost. Láithreach bonn chuaigh 1400 de na mná i monarcha cipíní Bryant & May ar stailc.*

*Tar éis trí seachtaine d'fhógair an comhlacht go raibh siad sásta a gcuid jabanna a thabhairt ar ais do na mná a briseadh agus deireadh a chur leis an gcóras fíneálacha. Ghlac na mná leis na téarmaí agus chuaigh siad ar ais ag obair. Chuidigh conspóid Bryant & May le bunú comharchumann a spreagadh ar fud na tíre.*

***5.*** Nuair a chuir Annie a halt i gcló, cad a bhí an comhlacht ag iarraidh a chur d'iallach ar na mná a dhéanamh?

____________________________________________ (1)

***6.*** Cé mhéad duine de na mná a chuaigh ar stailc?

____________________________________________ (1)

*7.* Cá fhad go dtí gur ghéill an comhlacht d'éilimh na stailce?

____________________________________________ (1)

***8.*** Cad is ceardchumann ann?

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ (2)

***9.*** Cé acu ceann díobh seo a leanas ar ceardchumann in Éirinn faoi láthair é?

**A** **B** **C** **D**

____________________________________________ (1)

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

Ó chuntas a scríobh Arthur Empey, Meiriceánach a chuaigh isteach in arm na Breataine sular ghlac SAM páirt sa Chéad Chogadh Domhanda. Scríobh sé leabhar dar teideal "Over The Top" i 1917.

> *"Tá gás Gearmánach níos troime ná aer agus ní fada go líonann sé na trinsí agus na tochaltáin, áit a bhfanann sé i bhfolach uaireanta ar feadh dhá lá nó trí, go dtí go nglantar an t-aer le spraeirí móra ceimiceán. Bhí orainn oibriú go tapa, toisc go ndearna na Gearmánaigh ionsaí coisithe de ghnáth tar éis an gháis.*
>
> *Bhí fear ar an taobh deas dínn a bhí rómhall ag cur clogad air féin; thit sé go talamh, é ag breith ar a scornach, agus tar éis casadh thart cúpla uair, fuair sé bás. B'uafásach an rud é a fheiceáil ag fáil bháis, ach ní rabhamar in ann cuidiú leis.*
>
> *Is iad na hainmhithe is mó a bhíonn ag fulaingt, na capaill, na miúileanna, an t-eallach, na madraí, na cait, agus na francaigh, toisc nach mbíonn clogaid acu le iad a shábháil. Uaireanta, tharla gur thaistil an gás cúig mhíle dhéag taobh thiar de na línte, agus bhí torthaí uafásacha air sin.*
>
> *Sa chuid is fearr de, is rud é an gásphúicín, nó an clogad deataigh, mar a thugtar air, a bhfuil boladh gránna as, agus ní fada go mbuaileann tinneas cinn dian thú ó bheith á chaitheamh."*
>
> (as "Over The Top" a scríobh Arthur Empey i 1917)

***1.*** Cé a scríobh an cuntas seo? ____________________ (1)

***2.*** Cén bhliain inar scríobhadh é? ____________________ (1)

***3.*** An dóigh leat gur teideal maith ar an leabhar seo é "Over the Top"? Tabhair cúis le do fhreagra.

____________________

____________________ (3)

***4.*** Cén t-ainm eile a bhí ar ghásphúicín? ____________________ (1)

***5.*** Scríobh alt faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas. Tá cead agat eolas ón sliocht thuas a úsáid.

(a) An Saol sna Trinsí **NÓ** (b) Uirlisí troda nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________


____________________

____________________

____________________ (6)

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

***Lándorchú***




*Le linn an chogaidh, bhí ar gach duine a gcuid fuinneog agus doirse a chlúdach le cuirtíní troma lándorchaithe, le cairtchlár nó le péint. Ba ghá dóibh a chinntiú nach raibh solas ar bith le feiceáil toisc go bhféadfadh sé sin cuidiú leis na heitleáin Ghearmánacha a gcuid targaidí a fheiceáil agus ruathair bhuamála á ndéanamh acu.*

*Múchadh soilse sráide nó íslíodh iad. Fuair a lán daoine bás i dtimpistí bóthair. Chuaigh líon na dtimpistí i méid i ngeall ar easpa soilsiú sráide agus ar na soilse íslithe.*

*Gortaíodh daoine eile le linnan lándorchaithe toisc nach raibh radharc acu sa dorchadas. Gortaíodh a lán daoine nuair a baineadh tuisle astu, nuair a thit siad síos céimeanna, nó nuair a bhuail siad in aghaidh rudaí.*

***1.*** Cén fáth a raibh lándorchú ann?

________________________________________

________________________________________ (2)

***2***. Conas a chinntigh daoine nach mbeadh solas ar bith ag teacht amach as na fuinneoga?

________________________________________

________________________________________ (2)

***3.*** An dóigh leat gur smaoineamh maith a bhí sa lándorchú? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

________________________________________

________________________________________ (2)

***4.*** Scríobh alt ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Campaí Géibhinn **NÓ** (b) Blitzkrieg

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (6)

**CEIST 4**
**24 marc**

**Freagair na trí chuid (A), (B) agus (C).**

**Féach ar na pictiúir agus léigh an t-eolas sna boscaí, agus freagair gach ceist thíos.**

**(A) AN DOMHAN FORBARTHA – CEANTAR TUAITHE** **(8 marc)**



*Tá Áine ina cónaí i gceantar **tuaithe** in Éirinn.*

*Ó theach Áine tá sé*

*4 km go dtí meánscoil*
*2 km go dtí siopa*
*4 km go dtí stad bus*
*90 km go dtí ollscoil*
*23 km go dtí ionad siopadóireachta*
*23 km go dtí pictiúrlann*
*43 km go dtí ospidéal*
*84 km go dtí aerfort idirnáisiúnta*
*14 km go dtí lialann dochtúra*
*26 km go dtí ionad spóirt le linn snámha*

***1.*** Cén fad atá Áine ón ospidéal is gaire? ________________________________________ (1)

***2.*** Cén fad a bheadh ar Áine taisteal chun snámh i linn snámha? ______________________ (1)

***3.*** Tabhair cúis **AMHÁIN** a mbogfadh duine mar Áine ón gceantar ina gcónaíonn sí.

____________________________________________________________________

____________________________________________________________________ (2)

***4.*** Tabhair **DHÁ** chúis a roghnódh roinnt daoine a bheith ina gcónaí i gceantar ar nós cheantar Áine.

____________________________________________________________________

____________________________________________________________________ (2)

***5.*** Ar mhaith **LEATSA** cónaí san áit ina gcónaíonn Áine? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

____________________________________________________________________

____________________________________________________________________ (2)

**(B) AN DOMHAN FORBARTHA – CEANTAR UIRBEACH** **(8 marc)**




*Tá Máire ina cónaí i m**bruachbhaile***
*i gcathair in Éirinn.*

**Ó theach Mháire, tá sé**
*1 km go dtí meánscoil*
*0.25 km go dtí siopa*
*0.15 km go dtí stad bus*
*6 km go dtí ollscoil*
*1.5 km go dtí ionad siopadóireachta*
*1.5 km go dtí pictiúrlann*
*3.5 km go dtí ospidéal*
*11 km go dtí aerfort idirnáisiúnta*
*1 km go dtí lialann dochtúra*
*2 km go dtí ionad spóirt le linn snámha*

***1.*** Cén fad ó ospidéal a chónaíonn Máire?

______________________________ (1)

***2.*** An bhfuil teacht ar iompar poiblí níos fearr i gceantair **uirbeacha** ná i gceantair **thuaithe**?

______________________________ (1)

***3.*** Cad is bruachbhaile ann?

______________________________

______________________________ (2)

**4.** Luaigh **DHÁ** fhadhb a chuireann as do dhaoine a chónaíonn i gcathair.

______________________________

______________________________ (2)

***5.*** Ar mhaith **LEATSA** a bheith i do chónaí san áit ina gcónaíonn Máire? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

______________________________

______________________________ (2)

**(C) AN DOMHAN ÉAGOTHROM** **(8 marc)**

Tá monarchana ag a lán de na comhlachtaí spóirt i dtíortha bochta san Áise agus i Meiriceá Laidineach. Tá miondealú anseo ar an bpraghas a thugaimid ar phéire tipiciúil de bhróga spóirt. Féach ar an bpictiúr, agus freagair na ceisteanna.




*1.* Cad é an praghas iomlán atá ar na bróga spóirt?

____________________________________________ (1)

*2.* Cé mhéad den chostas atá ar iompar?

____________________________________________ (1)

*3.* Dá ndéanfadh an comhlacht spóirt an pá a íoctar leis na hoibrithe a dhúbailt, cé mhéad a chuirfeadh sé sin le praghas péire de bhróga spóirt?

____________________________________________ (1)

*4.* Cén fáth a bhfuil costas ard ar iompar na mbróg spóirt?

____________________________________________

____________________________________________ (2)

*5.* Cén fáth an dóigh leat a dtógann na comhlachtaí spóirt a monarchana i dtíortha bochta?

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ (3)

# CEIST 5

**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an Léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil baile Chionn tSáile agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Luaigh ainm abhann **AMHÁIN** a thaispeántar ar an léarscáil.

________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh an bóthar réigiúnach a théann idir Cionn tSáile (W637 505) agus Béal Guala (W666 538).

________________________________________ (2)

***3.*** Ainmnigh **DHÁ** bhóthar réigiúnacha eile a thaispeántar ar an léarscáil.

________________________________________ (2)

***4.*** Cé mhéad oifig phoist a thaispeántar ar an léarscáil?

________________________________________ (2)

***5.*** Luaigh **DHÁ** phíosa fianaise ón léarscáil a léiríonn go raibh daoine ina gcónaí sa cheantar seo fadó.

________________________________________

________________________________________ (4)

***6.*** Agus fianaise ón léarscáil agus ón bhfótagraf agat, scríobh faoi ghníomhaíochtaí spóirt nó caithimh aimsire a thaitneodh le turasóirí agus iad ar cuairt sa cheantar seo.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

Scrúdaigh an t**AERFÓTAGRAF** daite a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an fótagraf cuid de bhaile Chionn tSáile.

***7.*** San fhótagraf, cad é an seanfhoirgneamh mór i lár an tulra?

______________________________________________ (2)

***8.*** Sa chúlra clé den fhótagraf, an bhfuil na tithe sean nó nua? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***9.*** Déan cur síos ar an gcineál báid is mó a bhaineann úsáid as calafort Chionn tSáile, de réir an fhótagraif.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

Leathanach Bán

Leathanach Bán